## **Nóta Treorach 1: Seicliosta Cumarsáide an Bhoird Bainistíochta – An Ráiteas um Chumhdach Leanaí *(Ailt 8.11 agus 8.13.6 de na Nósanna Imeachta)***

**Gnéithe de na Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí a chur in iúl do phobal na scoile:**

- Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí, an Measúnú Riosca san áireamh, ar taispeáint in áit fheiceálach in aice leis an bpríomhbhealach isteach.
- Tá ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar thaispeáint go soiléir taobh leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.
- Tá socruithe i bhfeidhm chun cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, mar aon leis an Measúnú Riosca, a chur ar fáil do thuismitheoirí nó don phobal má iarrtar a leithéid.
- Tá cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, mar aon leis an Measúnú Riosca, curtha ar fáil mar chóip chrua nó ar ríomhphost chuig na daoine a leanas:
    - an pátrún,
    - pearsanra na scoile ar fad, agus
    - cumann na dtuismitheoirí (nó na tuismitheoirí go léir mura bhfuil Cumann Tuismitheoirí ann)
- Tá cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, mar aon leis an Measúnú Riosca, foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile.

**Cumarsáid atá riachtanach tar éis don Bhord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí:**

*(Ní mór an t-athbhreithniú a thabhairt i gcrích gach bliain* ***nó*** *chomh luath agus is féidir ar bhonn praiticiúil tar éis d'aon athrú ábhartha a bheith tagtha ar rud ar bith a bhaineann leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí. I gcás fhormhór na scoileanna ciallóidh sé sin nach mór don athbhreithniú bliantúil a bheith tugtha chun críche roimh an 11 Márta gach bliain agus ní mór an t-athbhreithniú tosaigh a bheith tugtha chun críche faoin 11 Márta 2019)*:*

- Tar éis an athbhreithnithe ba cheart don Bhord Bainistíochta a chur in iúl ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí an dáta a ndearnadh é a athbhreithniú.
- Tá an fógra scríofa caighdeánach eisithe ag an mBord Bainistíochta** ina gcuirtear in iúl go bhfuil an t-athbhreithniú ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na Scoile tugtha chun críche i gcóip chrua nó ar ríomhphost chuig na daoine a leanas:
    - an pátrún,
    - pearsanra na scoile ar fad, agus
    - cumann na dtuismitheoirí (nó na tuismitheoirí go léir mura bhfuil Cumann Tuismitheoirí ann)
- Tá cóip den fhógra scríofa caighdeánach** ina léirítear go bhfuil an t-athbhreithniú ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na Scoile tugtha chun críche, foilsithe ag an mBord Bainistíochta ar shuíomh gréasáin na scoile.

***Ní mór do scoileanna úsáid a bhaint as 'Teimpléad Éigeantach 2: Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí' agus an t-athbhreithniú á chur i gcrích.**

****Ina theannta sin, ní mór do scoileanna úsáid a bhaint as 'Teimpléad Éigeantach 3: Fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí'** *nuair* a bhítear ag cur in iúl don phátrún, do phearsanra na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí gur tugadh an t-athbhreithniú chun críche agus *nuair* a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin na scoile gur tugadh an t-athbhreithniú chun críche.